Scéalta Rugbaí

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar scéalta rugbaí. Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat brí na bhfocal agus na bhfrásaí seo a aimsiú?



1. deimhnithe _____
2. ar lár _____
3. gortú tromchúiseach glúine _____
4. buille mór _____
5. ballnasc leonta _____
6. idir an dá linn _____
7. lucht eagraithe na Sé Náisiún _____
8. eachtra chonspóideach _____
9. ainneoin _____
10. scrúdú gortaithe cinn

_____

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an gcabhróidh sé sin leat na focail a thuiscint.

Ceist 2 Féach ar an mír an dara huair agus freagair na ceisteanna seo:

1. Scríobh achoimre ghearr ar ábhar na míre.

2. Léigh d'achoimre amach don duine in aice leat. An raibh an t-eolas céanna agaibh?

Ceist 3 Féach ar an mír arís agus aimsigh na focail inti atá comhchiallach leis na cinn thíos:

in éadan: _____
fágtha amach: _____
de bhrí: _____
deimhnithe: _____
cé gur léir: _____

Ceist 4 Bain amach na lúibíní sa script thíos agus cuir an fhoirm cheart de na focail sna bearnaí.

Ruairí Mac Con Iomaire
Cúrsaí rugbaí anois, agus tá sé deimhnithe inniu, ní hamháin nach mbeidh Josh van der Flier ar fáil don (cluiche) _____ in aghaidh na (Iodáil) _____ Dé Sathairn seo chugainn, ach beidh sé ar lár dá (tír) _____ agus dá (cúige) _____ don chuid eile den séasúr, de bharr gortú tromchúiseach glúine a d'fhulaing seisean sa gcéad leath sa gcluiche sa *Stade de France*, tráthnóna arú inné. Buille mór atá ansin d'(Éire) _____ agus do Chúige Laighean ach go háirithe, agus ballnasc a ghlúine leonta go dona aige, is cosúil.

Idir an dá linn, tá sé dearbhaithe ag lucht eagraithe na Sé Náisiún go bhfuil siadsan ag fiosrú eachtra chonspóideach a tharla i dtreo (deireadh) _____ an chluiche chéanna ansin, nuair a tógadh Antoine Dupont den pháirc le scrúdú cinn a (cuir) _____ air, ainneoin gur léir gurbh í a chos a bhí (gortaigh) _____ aige. D'fhág an rialú go raibh scrúdú gortaithe cinn de dhíth, go raibh na Francaigh in ann Machenaud a thabhairt ar ais ar an bpáirc arís ina áit.

D'fhág gaisce iontach na (Éire) _____ agus Johnny Sexton ag deireadh an chluiche sin, nach bhfuil an oiread cainte anois b'fhéidir faoin (conspóid) _____ úd. Ach, scéal eile ar fad a bheadh ann, bí cinnte, dá mba rud é nár éirigh le hiarracht Sexton, go háirithe agus conspóid den chineál céanna tarlaithe anuraidh, i bPáras, in aghaidh na (Breatain Bheag) _____.

Ceist 5 '…Cúige Laighean…'

Freagair na ceisteanna thíos:

1. Cad iad na cúigí eile in Éirinn?
2. Cén cúige inar rugadh tú féin? Scríobh amach contaetha an chúige sin anois.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. An bhfuil dúil agat i rugbaí? Cén fáth?
2. An duine mór spóirt tú? Mínigh.
3. Conas a chuireann spórt náisiúnta le féiniúlacht chultúrtha an náisiúin?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1. deimhnithe	*confirmed*
2. ar lár	*omitted*
3. gortú tromchúiseach glúine	*serious knee injury*
4. buille mór	*hard blow*
5. ballnasc leonta	*sprained ligament*
6. idir an dá linn	*in the meantime*
7. lucht eagraithe na Sé Náisiún	*the Six Nations' organisers*
8. eachtra chonspóideach	*contentious incident*
9. ainneoin	*despite*
10. scrúdú gortaithe cinn	*head injury assessment*

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

in éadan:	*in aghaidh*
fágtha amach:	*ar lár*
de bhrí:	*de bharr*
deimhnithe:	*dearbhaithe*
cé gur léir:	*ainneoin gur léir*

Ceist 4

Cúrsaí rugbaí anois agus, tá sé deimhnithe inniu, ní hamháin nach mbeidh Josh van der Flier ar fáil don **chluiche** in aghaidh na **hIodáile** Dé Sathairn seo chugainn, ach beidh sé ar lár dá **thír** agus dá **chúige** don chuid eile den séasúr, de bharr gortú tromchúiseach glúine a d'fhulaing seisean sa gcéad leath sa gcluiche sa *Stade de France*, tráthnóna arú inné. Buille mór atá ansin d'**Éirinn** agus do Chúige Laighean ach go háirithe, agus ballnasc a ghlúine leonta go dona aige, is cosúil.

Idir an dá linn, tá sé dearbhaithe ag lucht eagraithe na Sé Náisiún go bhfuil siadsan ag fiosrú eachtra chonspóideach a tharla i dtreo **dheireadh** an chluiche chéanna ansin, nuair a tógadh Antoine Dupont den pháirc le scrúdú cinn a **chur** air, ainneoin gur léir gurbh í a chos a bhí **gortaithe** aige. D'fhág an rialú go raibh scrúdú gortaithe cinn de dhíth, go raibh na Francaigh in ann Machenaud a thabhairt ar ais ar an bpáirc arís ina áit.

D'fhág gaisce iontach na **hÉireann** agus Johnny Sexton ag deireadh an chluiche sin, nach bhfuil an oiread cainte anois b'fhéidir faoin **gconspóid** úd. Ach, scéal eile ar fad a bheadh ann, bí cinnte, dá mba rud é nár éirigh le hiarracht Sexton, go háirithe agus conspóid den chineál céanna tarlaithe anuraidh, i bPáras, in aghaidh na **Breataine Bige**.

Ceist 5

Cúige Chonnacht	Cúige Mumhan
1. Contae na Gaillimhe 2. Contae Liatroma 3. Contae Mhaigh Eo 4. Contae Ros Comáin 5. Contae Shligigh	6. Contae Chiarraí 7. Contae an Chláir 8. Contae Chorcaí 9. Contae Luimnigh 10. Contae Phort Láirge 11. Contae Thiobraid Árann

Cúige Laighean	Cúige Uladh
12. Contae Bhaile Átha Cliath 13. Contae Cheatharlach 14. Contae Chill Chainnigh 15. Contae Chill Dara 16. Contae Chill Mhantáin 17. Contae na hIarmhí 18. Contae Laoise 19. Contae Loch Garman 20. Contae an Longfoirt 21. Contae Lú 22. Contae na Mí 23. Contae Uíbh Fhailí	24. Contae Aontroma 25. Contae Ard Mhacha 26. Contae an Chabháin 27. Contae Dhoire 28. Contae an Dúin 29. Contae Dhún na nGall 30. Contae Fhear Manach 31. Contae Mhuineacháin 32. Contae Thír Eoghain

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Ruairí Mac Con Iomaire

Cúrsaí rugbaí anois agus, tá sé deimhnithe inniu, ní hamháin nach mbeidh Josh van der Flier ar fáil don chluiche in aghaidh na hIodáile Dé Sathairn seo chugainn, ach beidh sé ar lár dá thír agus dá chúige don chuid eile den séasúr, de bharr gortú tromchúiseach glúine a d'fhulaing seisean sa gcéad[1] leath sa gcluiche[2] sa *Stade de France*, tráthnóna arú inné. Buille mór atá ansin d'Éirinn agus do Chúige Laighean ach go háirithe, agus ballnasc a ghlúine leonta go dona aige, is cosúil.

Idir an dá linn, tá sé dearbhaithe ag lucht eagraithe na Sé Náisiún go bhfuil siadsan ag fiosrú eachtra chonspóideach a tharla i dtreo dheireadh an chluiche céanna ansin, nuair a tógadh Antoine Dupont den pháirc le scrúdú cinn a chur air, ainneoin gur léir gurbh[3] í a chos a bhí gortaithe aige. D'fhág an rialú go raibh scrúdú gortaithe[4] cinn de dhíth, go raibh na Francaigh in ann Machenaud a thabhairt ar ais ar an bpáirc arís ina áit.

D'fhág gaiscíocht na hÉireann agus Johnny Sexton ag deireadh an chluiche sin, nach bhfuil an oiread cainte anois b'fhéidir faoin gconspóid úd. Ach, scéal eile ar fad a bheadh ann, bí cinnte, dá mba rud é nár éirigh le hiarracht Sexton, go háirithe agus conspóid den chineál céanna tarlaithe anuraidh, i bPáras, in aghaidh na Breataine Bige.

[1] Córas Chonnacht
[2] Córas Chonnacht
[3] *gurb* a dúradh
[4] *scrúdú gortú cinn* a dúradh